Treoir do Thomhaltóirí maidir leis

an bPríomh-Chlár Creidmheasa

www.centralcreditregister.ie

Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

Céard é an Príomh-Chlár Creidmheasa?

Thug an Rialtas gealltanas don CAI go bhforbródh sé creat dlíthiúil lena n-éascófaí bailiú agus lárú faisnéise maidir le creidmheas agus, dá thoradh sin, bunaíodh an Príomh-Chlár Creidmheasa (an Clár).

Is bunachar sonraí slán é an Clár arna bhunú agus arna rialú ag Banc Ceannais na hÉireann faoin Acht um Thuairisciú Creidmheasa 2013. Úsáidtear é chun faisnéis phearsanta agus chreidmheasa a bhailiú agus a stóráil maidir le hiasachtaí de €500 nó níos mó ó iasachtóirí.

Ón **30 Meitheamh 2017**, agus gach mí ina dhiaidh sin, déanfaidh do chuid iasachtóirí faisnéis a chomhroinnt leis an bPríomh-Chlár Creidmheasa chun go bhféadfar do thuarascáil chuimsitheach chreidmheasa a nuahsonrú. Féadfaidh go gcuideoidh an tuarascáil chreidmheasa leis na hiasachtóirí freisin nuair a bheidh cinntí á ndéanamh acu maidir le do chuid iasachtaí nó maidir le do chuid iarratas ar iasachtaí.

Spreagfaidh an Clár cobhsaíocht airgeadais níos fearr toisc go dtacóidh sé le measúnú iomlán, cruinn ar iasachtaí agus ar iarratais ar iasachtaí.

Ní dhéanfaidh an Príomh-Chlár Creidmheasa tuarascálacha creidmheasa a scóráil nó a ghradú.

Ní hé an Príomh-Chlár Creidmheasa a dhéanfaidh cinneadh i dtaobh iasacht a cheadú nó a dhiúltú,

is é an t-iasachtóir a dhéanfaidh an cinneadh sin.

Céard a áirítear ar an bPríomh-Chlár Creidmheasa?

Céard a áirítear	**Céard nach n-áirítear**
Cártaí creidmheasa (i gcás inar mó an teorainn ná €500)	comhaontuithe fruilcheannaigh agus Pleananna Conartha Pearsanta (PCP).
Morgáistí	Billí Fóntais
Rótharraingtí	Geallbhróicéirí
Iasachtaí Pearsanta	Billí Fóntais
	An tSeirbhís Chúirteanna: amhail faisnéis faoi orduithe tráthchoda, nó astaithe tuillimh
	Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann: amhail faisnéis faoi fhógraí maidir le faoiseamh fiachais, faoi dhócmhainneacht phearsanta nó faoi fhéimheacht
	Cuntais Taisce
	Dliteanais Cánach

* Beidh san áireamh sa todhchaí

Áireofar iasachtaí má tá siad comhionann le €500 nó níos mó ná €500, agus

- má tá cónaí ar an iasachtaí sa Stát an tráth a dhéanfaidh sé/sí iarratas ar iasacht,

nó

- má tá an comhaontú iasachta nó an t-iarratas ar iasacht faoi rialú ag dlí na hÉireann.

Cé na hiasachtóirí a aistreoidh faisnéis chuig an bPríomh-Chlár Creidmheasa?

Folaítear os cionn 500 iasachtóir ar an gClár amhail na dreamanna seo a leanas:

- Tithe um Maoiniú Sócmhainní
- Bainc
- Comhair Chreidmheasa
- Gnólachtaí a mbeidh leabhair iasachta faighte acu ó institiúidí airgeadais Éireannacha
- Iasachtóirí ceadúnaithe airgid
- Údaráis áitiúla
- NAMA

Cathain a thiocfaidh an Clár i bhfeidhm?

Ón 30 Meitheamh 2017, agus gach mí ina dhiaidh sin, déanfaidh iasachtóirí do chuid faisnéise pearsanta agus creidmheasa a chomhroinnt leis an bPríomh-Chlár Creidmheasa. Beidh feidhm aige seo maidir le haon iasachtaí reatha a bheidh agat de €500 nó níos mó amhail ar an 30 Meitheamh 2017, agus maidir le haon iasachtaí nua a gheobhaidh tú de €500 nó níos mó ina dhiaidh sin.

Ón 30 Márta 2018, déanfar faisnéis maidir le hiasachtaí ó iasachtóirí ceadúnaithe airgid agus údaráis áitiúla a áireamh ar an gClár.

Cé chomh fada siar agus a théann an fhaisnéis?

Déanfar faisnéis phearsanta agus chreidmheasa maidir le hiasachtaí reatha amhail ar **an 30 Meitheamh 2017** a chur leis an gClár ón 30 Meitheamh 2017. Ní dhéanfar aon sonraí maidir le hidirbhearta ar do chuid iasachtaí roimh an 30 Meitheamh 2017 a aistriú chuig an gClár.

Cé a bheidh in ann rochtain a fháil ar mo thuarascáil chreidmheasa?

Beidh iasachtóirí in ann rochtain a fháil ar do thuarascáil chreidmheasa:

- nuair a dhéanfaidh tú iarratas ar iasacht nua, nó
- nuair a bheidh iarratas déanta agat ar athstruchtúrú ar iasacht reatha, nó
- i gcás ina mbeidh riaráistí agat ar iasacht reatha.

Beidh tusa in ann do thuarascáil chreidmheasa féin a iarraidh tráth ar bith.

Ní bheidh aon pháirtí eile, amhail fostóirí, tiarnaí talún nó aon duine nó eintiteas eile in ann rochtain a fháil ar do thuarscáil chreidmheasa.

Chomh maith leis sin, taispeánfaidh an tuarascáil chreidmheasa gach uair a bhreathnaigh iasachtóir ar do chuid faisnéise agus an chúis a ndearna siad amhlaidh. Tugtar 'lorg' air seo agus ciallaíonn sé go mbeidh a fhios agat cé a bhreathnaigh ar do thuarascáil chreidmheasa.

Cén fhaisnéis a bheidh ar áireamh i mo thuarascáil chreidmheasa?

Ní bheidh ach faisnéis fhíorasach phearsanta agus chreidmheasa i do thuarascáil chreidmheasa.

Folaíonn faisnéis phearsanta:	Folaíonn faisnéis chreidmheasa:
• Ainm (céadainm agus sloinne) • Seoladh reatha agus seoltaí roimhe seo • Dáta breithe • Uimhir phearsanta seirbhíse poiblí (PPSN) • Inscne • Éirchód • Uimhir ghutháin	• Cineál na hiasachta (mar shampla, cárta creidmheasa, morgáiste, rótharraingt, iasacht phearsanta) • Ainm an iasachtóra • Méid na hiasachta • Iarmhéid gan íoc • Líon na n-iasachtaí thar téarma, más ann dóibh • Dáta na chéad íocaíochta eile • Méid na chéad iocaíochta eile

Céard faoi mo chuid sonraí pearsanta?

Tá rialacha dochta leagtha amach ag Oifig an Choimisinéara um Chosaint Sonraí maidir le faisnéis phearsanta a bhailiú agus a phróiseáil. Ta na rialacha sin ar fáil ar www.dataprotection.ie.

Faoin Acht um Thuairisciú Creidmheasa 2013, ceanglaítear ar iasachtóirí d'fhaisnéis phearsanta agus chreidmheasa a aistriú chuig an bPríomh-Chlár Creidmheasa. Ar an bhfaisnéis sin, áiritear faisnéis a bheidh bailithe acu uait cheana féin amhail d'ainm, do dháta breithe agus d'uimhir phearsanta seirbhíse poiblí. Tá gá leis an leibhéal faisnéise sin chun a chinntiú go mbeidh an Clár in ann do chuid iasachtaí a chur le chéile, lena n-áirítear iasachtaí a bheidh agat le líon is mó ná iasachtóir amháin. Leis sin, seachnófar cásanna ina nglacfaidh iasachtóir cinneadh lochtach creidmheasa toisc nach féidir faisnéis phearsanta nó chreidmheasa a aithint i gceart nó toisc go ndéantar an fhaisnéis sin a chur leis an duine mícheart.

Déanfar do chuid faisnéise pearsanta agus creidmheasa a stóráil go daingean ar an gClár agus ní dhéanfar an fhaisnéis sin a eisiúint ach amháin i gcás ina n-iarrfaidh tú féin nó iasachtóir í.

Is leis an mBanc Ceannais an fhaisnéis a choinnítear ar an gClár agus is é an Banc Ceannais a bheidh ina rialaitheoir sonraí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí.

Cathain a bheidh tuarascálacha creidmheasa ar fáil?

Táthar ag súil go mbeidh tuarascálacha creidmheasa ar fáil go luath in 2018, ar choinníoll gur féidir comhdhlúthú sonraí a thabhairt chun críche go sásúil faoin tráth sin.

Foilseoidh an Banc Ceannais an dáta beacht ar a mbeidh an tseirbhís seo ar fáil ar a shuíomh gréasáin www.centralcreditregister.ie.

Conas a spreagfaidh an Clár cobhsaíocht airgeadais níos fearr?

Spreagfaidh an Clár cobhsaíocht airgeadais níos fearr ar na bealaí seo a leanas:

- Trí thuarascáil chreidmheasa aonair a chur ar fáil d'iasachtaithe ina sonrófar a gcuid comhaontuithe creidmheasa;
- Trí fhaisnéis chuimsitheach a thabhairt d'iasachtóirí chun tacú le measúnuithe creidmheasa; agus
- Trí léargas níos fearr ar threochtaí náisiúnta a thabhairt don Bhanc Ceannais.

Cá bhfaighidh mé tuilleadh eolais?

Ar líne: **www.centralcreditregister.ie**
Ríomhphost: **consumerinfo@centralcreditregister.ie**
Íosghlao: **1890 100 050**
líne thalún: **01 244 5500**

Plain English
Approved by NALA